

# Plean Corparáideach SOLAS 2017-2019

<b>PLEAN CORPARÁIDEACH SOLAS 2017-2019 .....</b>	<b>1</b>
<b>Achoimre Fheidhmeach .....</b>	<b>2</b>
Spriocanna dírithe agus tomhaiste	
Feidhmíocht eacnamaíoch agus tionchair eile .....	<b>4</b>
Dualgais .....	<b>5</b>
<b>Fís, Réamhrá .....</b>	<b>3</b>
Beartais Straitéiseacha .....	<b>3</b>
<b>bunchuspóir agus croíphrionsabail .....</b>	<b>6</b>
<b>Spriocanna agus cuspóirí(LEATHANACH IOMLÁN TÁBHACHTACH) .....</b>	<b>7</b>
Sprioc SOLAS 1.....	<b>8</b>
Sprioc SOLAS 2.....	<b>8</b>
Sprioc SOLAS 3.....	<b>12</b>
SpriocSOLAS 4.....	<b>13</b>
Sprioc SOLAS 5.....	<b>14</b>
Sprioc SOLAS 6.....	<b>15</b>
Sprioc SOLAS 7.....	<b>16</b>
<b>Comhthéacs do Phlean Corparáideach 2017-2019.....</b>	<b>17</b>
<b>Athbhreithniú ar an gcéad Phlean Chorparáideach de chuid SOLAS, 2014-2016..</b>	<b>23</b>
<b>Maoirsiú agus bainistiú ar Phlean Corparáideach 2017-2019 .....</b>	<b>26</b>
<b>Acmhainní.....</b>	<b>29</b>

## Achoimre Fheidhmeach

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Oideachas 2016-2019 uailmhian shoiléir chun an tseirbhís is fearr san Eoraip a dhéanamh de sheirbhís oideachais agus oiliúna na hÉireann sna deich mbliana atá romhainn. Tá SOLAS ag obair le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Boird Oideachais agus Oiliúna, comhpháirtithe eile Breisoideachas agus Oiliúna agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a áirithiú go dtugann an earnáil seo slán ár ndualgais faoin uailmhian sin.

Ceapadh an Plean Corparáideach 2017-2019 chun an earnáil a chumasú agus a thacú i dtreo an toraidh sin a bhaint amach i gcomhthéacs a bheith ag cur le hiarrachtaí leathana rialtais chun bonn taca a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus faoin uilechuimsitheacht shóisialta.

Cuirfidh an plean le mórachtaí an chéad Phlean Chorparáidigh de chuid SOLAS. Cuirtear san áireamh sna spriocanna nua na cúinsí feabhsaithe atá ann ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha agus ó thaobh mhargadh an tsaothair, cúinsí atá difriúil ar go leor bealaí ó na cúinsí a bhí ann in 2014, tráth a bhí an chéad Phlean Corparáideach SOLAS á fhoilsiú.

Tá uasghrádú scileanna ríthábhachtach chun buntáiste iomaíoch a bheith ag Éirinn. Trí réimse leathan scileanna a fhorbairt, agus soláthar an Bhreisoideachais agus Oiliúint a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair chun infhostaitheacht foghlaimoirí a threisiú, tagann deis shuntasach chun tacaíocht a thabhairt don fhás eacnamaíoch.

Tá aidhmeanna agus cuspóirí soléire againn don tréimhse trí bliana a leagtar amach sa phlean seo, chomh maith le spriocanna soiléire i leith na hearnála agus i leith SOLAS freisin.

Beidh baint amach na spriocanna a shonraítear sa phlean ag brath ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear feidhmíocht eacnamaíoch na tíre sa tréimhse trí bliana, acmhainní riachtanacha a bheith ar fáil agus athchóiriú straitéiseach earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna. Cé go meastar go dtitfidh líon na ndaoine atá dífhostaithe faoi bhun 6 faoin gcéad faoi dheireadh 2018, tá neamhchinnteacht fós ann. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag roinnt fachtóirí, amhail Brexit, mar shampla, ar an bhfás eacnamaíoch.

I measc na spriocanna earnálacha, tá méadú 10 faoin gcéad ar líon na ndaoine a fhaigheann fostaíocht nó a théann ar aghaidh chun deiseanna eile foghlama a ghlacadh i ndiaidh cúrsa ábhartha Breisoideachas agus Oiliúint a chur i gcrích, agus tá sprioc den chineál céanna romhainn freisin maidir le rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil in earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna chun cuidiú le hÉirinn meáin an Aontas Eorpaigh a bhaint amach.

Táimid tiomanta d'ionchais fostaíochta a fheabhsú le haghaidh daoine aonair trí chúrsaí Breisoideachas agus Oiliúna agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil Bhreisoideachas agus Oiliúna a ailíniú leis na scileanna atá de dhíth ar fhiontair, agus bíonn taighde ar mhargadh an tsaothair mar bhonn eolais leis na cinntí a bhaineann le Breisoideachas

agus Oiliúint a sholáthar. Oibreimid i ndlúthchomhar leis an gComhairle Náisiúnta Scileanna agus na Fóraim Scileanna Réigiúnacha chun réamheolas a fháil faoi riachtanais scileanna atá ag athrú go tapa sna hearnálacha ar fad, agus chun freagairt do na riachtanais sin freisin.

Mar chuid de na spriocanna sin, tá méadú 10 faoin gcéad ar líon na ndaoine a fhaigheann teastas i leith cúrsaí atá dírithe ar riachtanais scileanna fiontraíochta.

Cuirtear san áireamh go hiomlán inár bplean an ghné sin de thionscnaimh rialtais chun an uilechuimsitheacht shóisialta a threisiú trí dhíriú ar ghrúpaí sonracha a bhaineann leis an mBreisoideachas agus Oiliúint. Táimid tiomanta do rochtain ar an mBreisoideachas agus Oiliúint a leathnú le haghaidh grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch nó oideachais, amhail daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, iad siúd atá dúshlán litearthachta agus uimhearthachta rompu, daoine atá faoi mhíchumais, oibrithe ar bheagán oiliúna agus iad siúd idir 18 agus 24 bliain d'aois nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna (NEETanna).

Leagfaidh gach aonad SOLAS pleananna bliantúla amach chun infheistíocht cáinócóirí sa Bhreisoideachas agus Oiliúint a bharrfheabhsú agus na caighdeáin is airde maoirseachta agus rialachais a áirithiú, agus is iad na pleananna sin a thacóidh leis an bPlean Corparáideach.

Forbrófar samhail chistithe a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht agus tabharfar isteach í chun cuspóirí an chláir um Breisoideachas agus Oiliúint a chumasú chun a bheith níos freagrúla agus níos nuálaí ná mar a bhí, agus chun luach ar airgead a sholáthar.

Ullmhóidh SOLAS cláir acmhainní i gcomhar leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus soláthraithe eile chun an Plean Corparáideach seo a fhorfheidhmiú.

## Réamhrá

Tá Éire á cur sa riocht chun bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh an chórais oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a bheith aici. Cuirfidh an dara Plean Corparáideach trí bliana seo de chuid SOLAS leis an uaillmhian sin a shonraítear sa Phlean Gníomhaíochta um Oideachas 2016-2019.

Oibreoidh SOLAS i gcomhar le comhpháirtithe Breisoideachas agus Oiliúint chun an cuspóir sin a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí dírithe agus intomhaiste.

Cuirtear luach an-ard ar an mBreisoideachas agus Oiliúint mar bhealach chun scileanna nua a bhaineann le riachtanais fiontair agus gairmeacha beatha a chur chun cinn a shealbhú. Cumasaíonn sé an uilechuimsitheacht shóisialta, an chothroime agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus ag an am céanna, cuireann sé le forbairt pearsanta agus pobail san iomlán. Léirítear in ár bPlean Corparáideach nua conas is féidir le daoine aonair, fiontair agus pobail leas a bhaint as an mBreisoideachas agus Oiliúint.

## **Beartais straitéiseacha**

Tríd an bplean seo a chur i bhfeidhm, cuirfidh SOLAS le baint amach rathúil na gcúig sprioc straitéiseacha a leagtar amach sa Straitéis um Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019. Neartaíonn sé freisin tiomantas SOLAS do réimse de bheartais rialtais lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta um Oideachas, an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025, an Plean Gníomhaíochta do Phoist 2016, Bealaí chun na hOibre agus an Straitéis Fostaíochta Cuimsithí do Dhaoinefaoi Mhíchumas.

## **Aidhmeanna dírithe agus tomhaiste**

Leagtar amach aidhmeanna trí bliana, cuspóirí agus spriocanna sa Phlean Corparáideach seo, a bhaineann leis an tréimhse an 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2019. Tá SOLAS tar éis spriocanna sonracha earnálacha a chomhaontú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Mar shampla, tá comhaontú ann faoi mhéadú 10 faoin gcéad faoi dheireadh 2019 i gcás na nithe seo a leanas:

- Líon na bhfoghlaimeoirí a fhaigheann fostaíocht i ndiaidh cúrsa ábhartha Breisoideachas agus Oiliúint a chur i gcrích
- Líon na bhfoghlaimeoirí a théann ar aghaidh chuig cúrsaí eile Breisoideachas agus Oiliúint nó chuig an ardoideachas i ndiaidh cúrsaí ábhartha
- An ráta teastaithe ar chúrsaí atá dírithe den chuid is mó ar fhorbairt scileanna um shoghluaiseacht shóisialta atá trasnaí de chineál
- Líon na bhFoghlaimeoirí Aosacha a ghlacann páirt i bhfoghlaimeoireacht ar feadh an tsaoil a sholáthraítear tríd an mBreisoideachas agus Oiliúint

Chomh maith leis sin, ar feadh trí bliana ó 2018 ar aghaidh, tá ar an meán 10,000 foghlaimeoir breise sa bhliain le cáilíochtaí a bhaineann le hearnálacha gnó ina n-aithnítear fás fostaíochta agus riachtanais scileanna a bhaint amach.

Tá tagarmharcanna á n-ullmhú i leith na spriocanna sin ar fad chun dul chun cinn agus tionchar a thomhas.

## **Feidhmíocht eacnamaíoch agus tionchair eile**

Beidh baint amach na spriocanna sin ag brath go géar ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear feidhmíocht eacnamaíoch na tíre sna trí bliana atá romhainn.

Beidh sé ag brath freisin ar athchóirithe eile in earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna, amhail seirbhís fheabhsaithe treorach le haghaidh foghlaimeoirí, agus ar fhorbairt leanúnach ghairmiúil le haghaidh baill foirne atá dul chun cinn déanta acu laistigh de chreat ama an Phlean, agus ar na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil chun tacú

lena leithéidí de thionscnaimh. Chuige sin, ullmhófar pleananna acmhainní lena bhfaomhadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Mar sin, féadfaidh oiriúnú a dhéanamh ar chuid de na spriocanna, bunaithe ar na hacmhainní a bheidh ar fáil.

## **Dualgais**

Is é SOLAS an ghníomhaireacht Stáit a bhfuil freagracht uirthi maidir le cistiú, comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar an mbreisoideachas agus oiliúint arna maoiniú ag an Roinn Oideachas agus Scileanna, agus arna soláthar ag 16 Bord Oideachais agus Oiliúna agus soláthraithe eile.

Agus an plan seo á leagan amach, tá SOLAS tar éis cloí le beartais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus le beartais ranna eile ábhartha de chuid an rialtais. Leis an bplan seo, comhlíontar oibleagáidí SOLAS faoin Acht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013.

## Fís, bunchuspóir agus croíphrionsabail

Déanann fís, bunchuspóir agus croíphrionsabail SOLAS an plean seo a threorú, agus tá siad mar bhonn eolais leis chomh maith.

### Fís

Tugtar aitheantas do chláir um Breisoideachas agus Oiliúint as a leasa inléirithe le haghaidh foghlaimoirí, fiontair agus pobal. Tá ardmheas ar an mBreisoideachas agus Oiliúint de bharr a éifeachtúlachta agus a cáilíochta, agus tá ról lárnach aige i gcuidiú le hÉirinn a huailmhian a bhaint amach maidir leis an tseirbhís is fearr oideachais agus oiliúna san Eoraip a sholáthar.

### Bunchuspóir

Tá sé de bhunchuspóir againn a bheith uailmhianach maidir leis an mBreisoideachas agus Oiliúint; agus tríd an uailmhian sin, a bheith mar cheannaire ar earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna, tacaíocht a thabhairt di agus tionchar a imirt uirthi freisin, agus í ina hearnáil a bhíonn ag feabhsú de shíor agus a sholáthraíonn torthaí den scoth d'fhoghlaimoirí, don fhiontraíocht agus do phobail.

### Croíphrionsabail

Tá cur chuige SOLAS:

- Bunaithe ar fhianaise
- Freagrúil agus solúbtha
- Dírithe ar an taobh amuigh, agus foghlaimoirlárnach
- Comhoibríoch
- Dírithe ar an sármhaitheas

Cloíonn SOLAS leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus le gach ceanglas ábhartha reachtúil agus rialála.

## Spriocanna agus cuspóirí

Tá seacht sprioc sa Plean Corparáideach nua. Tá na chéad cúig díobh sin nasctha go sonrach chun an straitéis um Breisoideachas agus Oiliúint a chumasú tuilleadh i dtimpeallacht athraithe.

Áirithíonn an dá sprioc dheireanach an creat agus na seirbhísí cuí chun tacú leis an bplean.

### Léaráid 1

**Sprioc SOLAS 6** Go mbeidh go leor acmhainní ag an eagraíocht SOLAS chun a sainordú a chur i gcrích

**Sprioc 1 an Bhreis-oideachais agus Oiliúna:**  
Scileanna don Ghilleas

**Sprioc 2 an Bhreis-oideachais agus Oiliúna:**  
Cuimsiú Gníomhach

**Sprioc 3 an Bhreis-oideachais agus Oiliúna:**  
Cáilíocht a Sholáthar

**Sprioc 4 an Bhreis-oideachais agus Oiliúna:**  
Pleanáil & Cistiú Comhtháite

**Sprioc 5 an Bhreisoideachais agus Oiliúna:**  
Seasamh an Bhreisoideachais agus

**Sprioc 1 SOLAS**  
Tá soláthar an Bhreis-oideachais agus Oiliúna ailínithe le margadh an tsaothair & infhostaitheacht foghlaimoírí agus riachtanais foghlama ar feadh an tsaoil

**Sprioc SOLAS 2**  
Go mbeidh soláthar an Bhreisoideachais agus Oiliúna cothrom agus ion-chuimsitheach, rud a léireoidh beartais an Rialtais

**Sprioc SOLAS 3**  
Go soláthrófar an Bhreis-oideachais agus Oiliúna ar bhonn straitéiseach, freagrúil, éifeachtach agus éifeachtúil

**Sprioc SOLAS 4**  
Go mbeidh bonn fianaise ag pleanáil & cistiú an Bhreis-oideachais agus Oiliúna agus go mbeidh siad ailínithe leis an Straitéis um Breisoideachas

**Sprioc SOLAS 5**  
Go gcuirtear luach an-ard ar an mBreisoideachas agus Oiliúint mar bhealach chun na fostaíochta, chun an dul chun cinn agus chun na foghlama ar feadh an tsaoil

**Sprioc SOLAS 7** Go leanfaidh SOLAS de sheirbhísí riachtanacha tacaíochta a chur ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara

## **Sprioc SOLAS 1**

Go ndéanfar na scileanna a sholáthraítear trí chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna a ailíniú leis na scileanna atá de dhíth ar mhargadh an tsaothair chun ionchais fostaíochta daoine aonair agus riachtanais foghlama ar feadh an tsaoil a fheabhsú.

### **Spriocanna trí bliana:**

- Méadú 10 faoin gcéad i líon na ndaoine a fhaigheann fostaíocht i ndiaidh cúrsa ábhartha Breisoideachais agus Oiliúint a chur i gcrích
- Méadú 10 faoin gcéad ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil chun cuidiú le hÉirinn meáin an Aontas Eorpaigh a bhaint amach
- 30,500 clárúchán nua de phrintísigh agus oiliúnaithe ó 2017-2019, agus méadú ar líon na gclárúchán ó thart ar 6,000 in 2016 go 12,400 in 2019
- Méadú 10,000 sa bhliain ar líon na ndaoine a fhaigheann teastas i scileanna riachtanacha le haghaidh earnálacha a aithnítear mar earnálacha ionchasacha gnó.\* Baineann an méadú sin le gach bliain ar leith ar feadh trí bliana, ó 2018 ar aghaidh.
- Comhaontuithe nua straitéiseacha feidhmíochta le gach ceann de na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna, agus iad a bheith comhtháite le próiseas phleanála an Bhreisoideachais agus Oiliúna.

### **Gníomhaíochtaí:**

- 1.1 Taighde a dhéanamh maidir le scileanna agus margadh an tsaothair chun bonn eolais a chur leis na cinntí a bhaineann leis an mBreisoideachas agus Oiliúint a chuireann SOLAS ar fáil.
- 1.2 Spriocanna comhaontaithe a fhorbairt i leith scileanna trí úsáid a bhaint as sonraí feabhsaithe Breisoideachais agus Oiliúna, as tionscadal straitéiseach na gcúrsaí pólótacha, as clármheastóireacht, as taighde agus as próisis phleanála fheabhsaithe. Tá siad sin le forbairt i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Scileanna, le fóraim réigiúnacha agus le fostóirí mar phríomh-chomhpháirt de chomhaontuithe straitéiseacha Breisoideachais agus Oiliúna agus de phleanáil seirbhíse leis na Boird Oideachais agus Oiliúna.



- 1.3 An cur chuige straitéiseach a threisiú i leith scileanna a fhorbairt do ghrúpaí rannpháirteacha atá an-éagsúil, agus i leith iad siúd atá fostaithe chomh maith.
- 1.4 An creat forbartha a chríochnú agus a chur i bhfeidhm, agus pleanáil a dhéanamh ionas go mbeidh fostaithe in ann leas a bhaint as cláir ábhartha Bhreisoideachais agus Oiliúna.
- 1.5 Gnéithe SOLAS den Phlean Gníomhaíochta chun Printíseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna a Leathnú in Éirinn 2016 - 2020 a chur i bhfeidhm agus pleananna eile forfheidhmithe a chur i bhfeidhm freisin de réir mar a chuirfear i gcrích iad.

\*Earnálacha ionchasacha le haghaidh cáilíochtaí scileanna breise:

- Foirgníocht
- TFC
- Bia agus deochanna
- Fáilteachas
- Mórdhíol/miondhíol
- Bithchógaisíocht/ceimeachógaisíocht
- Cúram sláinte/eile
- Na meáin dhigiteacha
- Spórt agus corpacmhainn
- Innealltóireacht
- Riachtanais scileanna fiontraíochta; intíre/idirnáisiúnta
- Lóistíocht
- Seirbhísí Airgeadais

## **Sprioc SOLAS 2**

A chinntiú go mbeidh soláthar an Bhreisoideachais agus Oiliúna cothrom agus ionchuimsitheach, agus go léirítear ann beartais an Rialtais, rud as a dtiocfaidh rochtain agus rannpháirtíocht fheabhsaithe i gcás daoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch nó oideachais.

### **Spriocanna trí bliana:**

- Méadú 10 faoin gcéad i líon na ndaoine sna grúpaí áirithe sin a théann ar aghaidh chuig an mbreisoideachas nó chuid an ardoideachas
- Méadú 10 faoin gcéad ar an ráta teastaithe ar chúrsaí atá dírithe den chuid is mó ar fhorbairt scileanna um shoghluaiseacht shóisialta atá trasnaí de chineál.
- An straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna maidir le litearthacht agus uimhearthacht a chur i bhfeidhm agus feabhas a chur ar chórais scagtha agus mheasúnaithe, ar bheartas maidir le Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile, agus ar fheasacht lena linn sin.
- Spriocanna sonracha a fhorbairt agus a ghlacadh chun cuspóirí maidir le beartas rialtais a chomhlíonadh trí phleananna seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a chur i bhfeidhm.

### **Gníomhaíochtaí:**

2.1 Aonad nua SOLAS a bhunú chun nasc éifeachtach a áirithiú idir beartas na huilechuimsitheachta sóisialta agus an bealach a chuireann soláthraithe an Bhreisoideachais agus Oiliúna an beartas sin i bhfeidhm.

2.2 A chinntiú go gcomhlíonann soláthraithe an Bhreisoideachais agus Oiliúna ceanglais bheartais na huilechuimsitheachta sóisialta. Bacainní ar bith atá ann ina leith sin a aithint agus bearta a dhéanamh chun tabhairt fúthu.

2.3 Cur i bhfeidhm na straitéise Breisoideachais agus Oiliúna maidir le litearthacht agus uimhearthacht a mhaoirsiú agus a threorú.

2.4 Tacáocht a thabhairt do na Boird Oideachais agus Oiliúna chun roghanna seachadta a leathnú, agus úsáid á baint as TFC agus as foghlaim le cuidiú teicneolaíochta de réir mar is cuí, chun rochtain agus rannpháirtíocht a éascú le haghaidh grúpa éagsúil daoine aonair.

## **Sprioc SOLAS 3**

A chinntiú gur straitéiseach, freagrúil, agus éifeachtach é an soláthar FET, agus go soláthraítear luach ar airgead leis. Taithí agus torthaí do dhaoine aonair, fostóirí agus pobail a fheabhsú i gcónaí.

### **Spriocanna Trí Bliana:**

- A chinntiú go ngnóthaítear spriocanna rialtais ábhartha
- Sé chineál soláthair náisiúnta FET a mheasúnú, agus pleananna feabhsaithe a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Méadú 10 faoin gcéad um shásamh geallsealbhóirí leis an soláthar FET.

### **Bearta:**

3.1 Measúnuithe neamhspleácha a stiúradh i leith éifeachtacht an Chláir Ógtheagmhála Náisiúnta, na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS); an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas (BTEI), na hOiliúna i Scileanna Sonracha (SST), an tSoláthair Oiliúnachta agus Speisialta do Dhaoine le Míchumas (STP); agus freagra iomchuí a fhorbairt i leith torthaí gach measúnú.

3.2 Pleananna feabhsaithe cláir chomhaontaithe a fhorfheidhmiú le faomhadh beartais ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

3.3 Straitéis Forbartha Ghairmiúil FET a fhorfheidhmiú i gcomhar leis an ETBI agus lena n-ETB is baill leis.

3.4 Creatbheartas FET a chomhaontú agus a fhorfheidhmiú i leith forbartha fostaí leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an ETBI agus leis na hETBí.

3.5 Clár monatóireachta fiosaí, comhlíonta agus ráthaíochta deontais a chur i dtoll a chéile leis na hETBí.

3.6 Straitéisí nuálaíochta cláir a fhorfheidhmiú ina dtugtar tosaíocht don fhoghlaim shaothar-bhunaithe agus don fhoghlaim fheabhsaithe leis an teicneolaíocht (TEL), leis na hETBí.

3.7 Tuairiscí feidhmíochta straitéiseacha bliantúla nua a fhorbairt agus a ullmhú don earnáil FET.

## **Spríoc SOLAS 4**

Leagfar amach na spríocanna agus tráthchláir aontaithe i gcomhaontuithe feidhmíochta straitéiseacha ETB aonair leis SOLAS. Tabharfar dreasacht agus luach saothair le samhail chistithe nua i dtaca leis an bhfeidhmíocht do sholáthar níos fearr, agus díreofar an cistiú dá thionchar optamúil bunaithe ar spríocanna cláir shonracha.

### **Spríocanna Trí Bliana:**

- Beartas, straitéis agus bearta a cheangal le samhail phleanála fheabhsaithe, chomhtháite, bunaithe ar thorthaí.
- An tsamhail chistithe nua a chomhoiriúnú le gach cuspóir náisiúnta agus réigiúnach

### **Bearta:**

4.1 An cur chuige cistithe reatha a athbhreithniú, in éineacht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, chun a chinntiú go mbíonn sé comhoiriúnaithe leis na bPlean Gníomhaíochta don Oideachas agus leis an Straitéis FET.

4.2 Samhail chistithe a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht agus feabhsú leanúnach sa FET, agus an cistiú dírithe ar na cláir úd a ghnóthaíonn a gcuspóirí agus an luach airgid.

4.3 Plean seirbhísí FET bliantúil a ullmhú agus a chomhaontú, múnlaíthe ag tosaíochtaí aitheanta ón gComhairle Scileanna Náisiúnta, ó bheartais rialtais, ó anailís ar an margadh saothair, ó fhianaise taighde agus ó ionchur le hETBí agus le geallsealbhóirí eile.

4.4 Pleananna acmhainne a fhorbairt agus a chomhaontú do SOLAS, soláthróirí FET agus comhlachtaí FET eile leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Pleananna a chur in oiriúint i gcomhréir le hinfhaighteacht na n-acmhainní.

4.5 Tagarmharcanna feidhmíochta a fhorbairt bunaithe ar chórais faisnéise téagartha.

## **Sprioc SOLAS 5**

Aithníonn fostóirí ról na FET um sholáthar scileanna ríthábhachtacha dá ngnó. Cuireann daoine aonair luach leis an rannchur a fhéadann bheith ag FET ar a ngairmréimeanna agus ar a gcuid beathaí.

### **Spriocanna Trí Bliana:**

- Méadú 10 faoin gcéad um shásamh geallsealbhóirí leis an soláthar FET
- Meicníocht nua a chruthú d'fhoghlaimoírí agus d'fhostóirí chun ceangal le chéile, leis an mbéim tosaigh ar an bprintíseacht

### **Bearta:**

5.1 Acmhainní faisnéise a fheabhsú go leanúnach agus tarraingt orthu chun anailís agus fianaise a sholáthar don bhreisoideachas agus d'oiliúint a chur ar gheallsealbhóirí.

5.2 Bheith i gceannas ar fhorbairt Straitéise Cumarsáide FET chun luach an FET a chur chun cinn i gcomhpháirt leis na hETBI, na hETBí agus le soláthróirí FET eile.

5.3 Meicníocht nua a fhorbairt chun cur ar chumas fostóirí, agus printísigh fhéideartha ar dtús, chun nascadh le chéile. Formheadú chuig fostóirí agus foghlaimoírí eile.

## **Sprioc SOLAS 6**

A chinntiú go mbíonn eagra SOLAS trealmhaithe go héifeachtach chun a shainordú a dhéanamh.

Ceannaireacht agus tacaíocht éifeachtach a sholáthar don earnáil trínár ndaoine, n-acmhainní agus gcórais.

### **Spriocanna Trí Bliana:**

- A chinntiú gur gníomhaireacht feidhmiúcháin ardfheidhmíochta atá i SOLAS, le meas uirthi dá meitheal foirne, nuálaíocht, comhtháthú agus inoiriúnaitheacht. Tacaítear le foireann fhuinniúil, inspreagtha agus oilte trí struchtúr comhcheangailte leis an bplean seo
- An dea-chleachtas mar eagra foghlama a léiriú.

### **Bearta:**

6.1 Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta a ullmhú agus a chomhaontú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, ina n-aithneofar tosaíochtaí eagrúcháin.

6.2 Struchtúr eagrúcháin a leasú chun an plean nua a léiriú ann.

6.3 Plean forbartha lucht saothair SOLAS a fhorfheidhmiú ina iomláine.

## **Sprioc SOLAS 7**

Coinneáil orainn ag soláthar seirbhísí tacaíochta bunriachtanacha d'eochar-gheallsealbhóirí.

Seirbhísí agus tacaíochtaí a fheabhsú agus a sholáthar i gcónaí, go himmheánach agus go seachtrach do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, ETBí, soláthróirí príobháideacha agus eile.

Áireofar leis na seirbhísí sin teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, an t-airgeadas, cistiú an Aontais Eorpaigh agus seirbhísí tógála.

### **Sprioc Trí Bliana:**

- Sásóidh gach gné seirbhíse na caighdeán feidhmíochta arna gcomhaontú leis na geallsealbhóirí.

### **Bearta:**

7.1 Oibriú agus dearadh próisis na seirbhísí tógála a athbhreithniú.

7.2 Moltaí athbhreithnithe a fhorfheidhmiú i gcomhar le geallsealbhóirí.

7.3 Tacú le riarachán an Chláir chistithe ESF um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014 – 2020 agus an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

7.4. Pleananna gnó bliantúla d'aonaid SOLAS ina sonrú de réir mar is cuí bearta ábhartha maidir le gach comhchuid seirbhíse.

7.5 Straitéis TFC SOLAS a leasú, agus pleanáil de réir mar is cuí.



## Comhthéacs do Phlean Corparáideach 2017-2019

### Fórsaí athraithe

Leagtar an plean seo amach i gcoinne cúlra iarrachtaí leanúnacha ag an rialtas chun buntacú le borradh gheilleagrach agus é a chothú. Meastar go leanfaidh an borradh bheith láidir i gcaitheamh na tréimhse dhá nó trí bliana amach romhainn. Ina theannta sin, cuireann tosaíochtaí cuimsithe shóisialta an Rialtais faisnéis ar fáil dó, a léirítear i ndédhíriú laistigh den phlean ar chuimsiú gníomhach trí fhorbairt scileanna.

Tuairtar go dtiocfaidh laghdú ar dhífhostaíocht anuas go dtí faoi bhun 6 faoin gcéad faoi dheireadh 2018.

Cuireadh roinnt éiginnteacht san áireamh. D'fhéadfadh Brexit agus luas an bhorrtha dhomhanda gheilleagraigh tionchar diúltach a imirt ar na réamh-mheastacháin reatha maidir le borradh agus ar an margadh saothair.

### Díriú níos fairsinge

Meastar gurb ionann táirgiúlacht agus ceann de na rudaí is mó a chuireann borradh chun cinn i measc gach tíre.

Cabhraítear leis an táirgiúlacht a mhéadú trí bharr feabhais a chur ar scileanna cuardaitheoirí poist, daoine dífhostaithe agus oibrithe reatha.

Baineann ríthábhacht le scileanna a uasghrádú, gan aird ar ghairm bheatha nó an leibhéal reatha oideachais. Soláthraíonn scileanna buntáiste náisiúnta iomaíoch, agus tá siad mar chuid de straitéis níos fairsinge agus chomhtháite le haghaidh forbairt náisiúnta gheilleagrach.

Teastaíonn réimse scileanna ó nuálaíocht rathúil. Is minic go dteastaíonn sraitheanna éagsúla scileanna ó dhaoine aonair, gnóthais agus tionscail ag amanna éagsúla.

Tá SOLAS tiomanta d'fhreastal ar éileamh fostóra ar scileanna a bhaineann le breisoideachas agus oiliúint (BOO) agus le cabhrú le cuideachtaí agus fostaithe chun a sraith scileanna a optamú ar mhaithe le táirgiúlacht agus nuálaíocht fheabhsaithe a chumasú san ionad oibre.

### Monatóireacht scileanna

Leanfaidh SOLAS le monatóireacht a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn ó ghnólachtaí Éireannacha trí úsáid a bhaint as cúig thomhas éagsúla.

- Déanfar tomhas bliantúil ar fhairsingiú agus riachtanais ionadaithe agus an ráta athraithe fostaithe do gach gairm bheatha i ngach ceann de na hocht réigiún pleanála.

- Suirbhéanna faoi dhó sa bhliain ar ghníomhaireachtaí earcaíochta chun scileanna a shainaithint atá deacair le hearcú, agus iad a chur le chéile chun ar liosta cuimsitheach a sholáthar
- Anailís ar leibhéal áitiúil ar scileanna cuardaitheora poist agus na cáilíochtaí a theastaíonn ó fhostóirí
- Tuartha náisiúnta fostaíochta gach dhá nó trí bliana chun riachtanais fairsingithe amach anseo a shainaithint don tréimhse cúig bliana amach romhainn
- Tuartha cúig bliana do na riachtanais bhliantúla chlárarithe printíseach, a nuashonraítear gach bliain mar fhaisnéis chriticiúil le haghaidh pleananna oiliúna amach anseo.

### **Cáilíochtaí fairsinge**

Leagann SOLAS béim ar thacú le lucht saothair ‘dea-oilte’ a chinntíonn go bhfuil cothromaíocht chúil ann idir gach leibhéal scileanna a theastaíonn ó gheilleagar atá ag feidhmiú go maith. Cabhraíonn oideachas fairsing lena dtacaíonn meaitseáil dhlúth a dhéanamh idir scileanna agus riachtanais an mhargaidh shaothair le hoibrithe agus le fostóirí i measc gach earnála agus gairm bheatha chun dul i dtaithe go rathúil ar na hathruithe ar theicneolaíochtaí agus margáí.

Áirítear leis an éileamh leanúnach ar dhaoine a bhfuil leibhéil cháilíochtaí agus saghsanna fairsinge taithí acu iad siúd a bhfuil dintiúir bhreiseoideachais agus oiliúna acu.

Teastaíonn fianaise dhaingean i leith riachtanais amach anseo chun cabhrú leo na cinntí a dhéanamh faoi athchóirithe, oideachas agus infheistíocht ón lucht déanta beartais agus ó sholáthraithe oideachais. Níl aon réiteach amháin ann a oireann do gach duine

Tá sé ríthábhachtach leibhéal scileanna agus oideachais ginearálta a chur ar fáil chun na bunscoleanna riachtanacha a thabhairt do dhaoine aonair chun tabhairt faoi chlár níos sonraí.

Cuid bhuntábhachtach de shaghsanna éagsúla d’obair ar gach leibhéal iad scileanna teicniúla go fóill. Ina theannta sin, féadfaidh iad seo dul chun sochair an iomaí duine óg nach leanann ar aghaidh chun tabhairt faoi ardoideachas, agus bronnann seo na scileanna orthu a theastaíonn uathu le haghaidh phoist ardíochtaoidilte na todhchaí.

## **Grúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh**

Táthar ag díriú ar ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh, ar nós daoine atá dífhostaithe le fada, daoine faoi mhíchumas, oibrithe ar bheagán scileanna agus oibrithe breacaosta trí réimse de bheartas agus gníomhartha rialtais.

Áirítear leo seo Straitéis Scileanna Náisiúnta na hÉireann 2025, an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, Bealaí chun Oibre, an Plean Gnímh maidir le Poist, Straitéis BOO 2014-2019 agus an Plean Gníomhaíochta chun Printíseacht agus Cúrsaí Oiliúna a fhairsingiú in Éirinn 2016-2020.

Léirítearsa Phlean Corparáideach nua seo de chuid SOLAS conas atá SOLAS tiomanta do na tionscnaimh seo agus cin eile nach iad a chur san áireamh go hiomlán.

## **Litearthacht agus uimhearthacht**

Bíonn go leor daoine fásta in Éirinn thíos le deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta, agus is minic nach mbíonn na leibhéil riachtanacha litearthachta agus uimhearthachta acu, go háirithe chun fostaíocht inbhuanaithe a bhaint amach dóibh féin.

Leanfaidh SOLAS ag dul i ngleic leis an limistéar seo, a bhfuil an cumas aige ardtorthaí a bhaint amach maidir le fostaíocht agus luaineacht shóisialta.

## **Fiontar beag agus meánmhéide**

Bíonn sé níos deacra ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ná mar a bhíonn sé ar eagraíochtaí níos mó chun scaoileadh le daoine le haghaidh oiliúna lasmuigh den láthair oibre fad a reáchtáilann siad a ngnáthoibríochtaí laethúla. Fiú nuair a thugann siad aghaidh ar oiliúint, bíonn sé deacair orthu teacht ar oiliúint atá saincheaptha dá riachtanais ar leith.

Tá breis agus 280,000 fiontar ann san earnáil ghnó phríobháidigh in Éirinn, a fhostaíonn thart ar 1.3 milliún duine.

Baineann ríthábhacht ar leith, ar an ábhar sin, le hoiliúint agus forbairt scileanna ar mhaithe le sláinte gheilleagar agus phobal áitiúil, arb iad bunchlocha na ngeilleagar réigiúnach agus náisiúnta, ar a uain sin.

Is ionann gnólachtaí beaga agus meánmhéide agus tromlach mór na bhfiontar seo. Dá lú an gnóthas, is é is dóichí go dtabharfaidh sé faoi oiliúint, agus ní thugann comhréir shuntasach de ghnóthais bheaga faoi aon oiliúint.

Caithfidh SOLAS agus a chomhpháirtithe bealaí nuálacha a cheapadh chun tacú leis na fhostóirí seo chun a gnólacht a fhás trí nuálaíocht agus cáilíocht scileanna níos airde.

Ba cheart go mbeadh SOLAS, mar an gcisteoir, agus an earnáil Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO), mar sholáthraithe scileanna a bhaineann le BOO, a bheith íogair do, agus curtha ar an eolas ag, tábhacht an chomhthéacs iomaíoch d'fhostóirí fad a thugann siad faoina ngnó laethúil.

Teastaíonn tacaíocht ó fhormhór na bhfostóirí chun na coinníollacha a chur i dtoll a chéile agus a chothú a chothaíonn foghlaim gan tionchar a imirt ar ghnáthoibríochtaí.

Léiríonn an taighde gur féidir foghlaim neamhfhoirmiúil a sholáthar ar an láthair oibre trí athdhearadh a dhéanamh ar phróisis oibre agus meicníochtaí tacaíochta foghlama idir piaraí.

### **Faisnéis scileanna**

Baileofar faisnéis faoi thrí mhórhionscnamh faoin bPlean Corparáideach nua seo ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ó fhiontair Éireannacha

Áirítear leo:

1. Measúnú córasach ar fhostaíocht, dul chun cinn agus dífhostaíocht le haghaidh foghlaimeoirí ar chlár BOO a chistíonn SOLAS.
2. Mianadóireacht sonraí ar bhunachair shonraí mhóra folúntais phoist ar líne chun na scileanna athraitheacha a mhapáil a bhaineann le gairmeacha beatha éagsúla.
3. Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Fiontraíocht Éireann agus tionscadal 'MEND' ag Ollscoil Mhá Nuad chun sonraí faoi riachtanais scileanna agus inniúlachta a bhailiú.

Déanfar an measúnú trí úsáid a bhaint as bunachair sonraí a SOLAS/Bord na hÉireann um Oiliúint san Oideachas (ETBI) do chúrsaí agus rannpháirtithe ar a dtugtar an Córas Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeoirí (PLSS). Déanfar an fhaisnéis seo a chomhtháthú ansin le bunachair shonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ranna eile faoi réir chomhlíonadh na gceanglas um chosaint sonraí.

Scaipfear na torthaí ar gach soláthraí BOO d'fhonn gur féidir curaclaim chúrsa a oiriúnú. Lorgóidh SOLAS an faomhadh riachtanach maidir le prótacail mhalartaithe sonraí sula gcuirfead tús leis an tionscadal seo.

## **Deiseanna**

Soláthraíonn dícheall SOLAS chun speictream fairsing scileanna, anuas ar na tairbhí a chruthaigh athchóirithe atá ar bun cheana féin agus feabhsúcháin ar an ngeilleagar, deis shuntasach chun tacú le borradh geilleagrach i gcaitheamh na chéad trí bliana eile amach romhainn.

Trí chumas agus saineolas laistigh den earnáil BOO a mhéadú, cuirfear ar chumas SOLAS na tiomantais oideachais agus oiliúna BOO a chur i bhfeidhm a bhuntacaíonn le beartais gheilleagracha agus chuimsithe shóisialta an Rialtais.

Cruthaíonn an earnáil BOO oscailtí do dhaoine aonair agus grúpaí leochaileacha chun teacht ar na scileanna a theastaíonn uathu chun dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Áirítear leis na grúpaí seo daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, daoine óga idir 18-24 bliain d'aois nach bhfuil san oideachas, i bhfostaíocht nó in oiliúint, agus iad siúd atá thíos le deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta.

Bíonn éilimh iomaíocha agus brúnna suntasacha soláthair acmhainní roimh fhormhór de na codanna san earnáil BOO mar gheall nár athsholáthraíodh go hiomlán eolas agus taithí institiúide a cailleadh i rith an chúlaithe gheilleagraigh.

Is tábhachtach go ndéanann SOLAS agus an earnáil BOO na hacmhainní reatha a optamú agus bealaí nua a fhorbairt chun éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht a fhás gan baint de cháilíocht an tsoláthair agus na seirbhísí BOO.

Is ann go fóill do dhúshláin shuntasacha atá roimh an earnáil BOO chun freagairt go mear do na cúinsí feabhsaithe geilleagracha agus do thosaíochtaí cuimsithe shóisialta atá ag teacht chun cinn. Caithfear an fhreagairt seo a dhéanamh fad a thugtar faoi na hathchóirithe straitéiseacha níos fadtéarmaí nuair a dhéantar pleanáil, soláthar agus nuair a dhearbhaítear cáilíocht.

Cinntoidh SOLAS go bhfuil ar chumas a fhoirne chun feidhmiú i leith a lánchumais agus go mbeidh tuiscint dhomhain acu ar conas a thacaíonn a ról le gnéithe sonracha an Phlean Chorporáidigh nua.

Soláthróidh foireann seirbhísí corparáideacha na heagraíochta seirbhísí corparáideacha agus cuirfidh siad le borradh leanúnach an chultúir feidhmíochta laistigh de SOLAS.

Baineann ríthábhacht le plean forbartha lucht saothair SOLAS, atá faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS), i dtaobh an phróisis chlaohlaithe seo.

Anuas air sin, baintear príomhthábhacht le cur le tionscnaimh rathúla ón gcéad phlean corparáideach i dtaobh an ratha fhoriomláin a bheidh ar an dara plean.

Tugtar cuntas i bPlean Corparáideach 2017-2019 ar thosaíochtaí SOLAS agus conas a bhainfear iad seo amach. Úsáidfidh gach ceann d'aonaid ghnó aonair SOLAS, faoina bplean gnó bliantúil, a n-acmhainní chun na tosaíochtaí agus na spriocanna seo a bhaint amach.

Tacóidh na haonaid le gach ceann de na tiomantais atá faoi stiúir SOLAS a leagtar amach sa Straitéis BOO, anuas ar thiomantais phríomh-chomhpháirtithe eile BOO, ar nós an ETBI agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).

## Athbhreithniú ar an gcéad Phlean Corparáideach de chuid SOLAS 2014-2016

Rinneadh dul chun cinn suntasach faoi chéad Phlean Corparáideach 2014-2016 SOLAS le tacaíocht ó Bhord SOLAS, an Roinn Oideachais agus Scileanna, na Boird Oideachais agus Oiliúna, agus soláthraithe BOO eile.

Áirítear leo seo:

- An chéad Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014 go dtí 2019; Straitéis ar Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta in BOO; Straitéis Chuimsitheach um Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí, Teagascóirí, Oiliúnóirí, Bainisteoirí, agus Riarthóirí; Fóram na bhFoghlaiméoirí Fásta a tionóladh faoi Aontas faoi choimirce SOLAS.
- An chéad Phlean Seirbhísí BOO comhtháite in 2014 a thug le chéile íomhá chuimsitheach de BOO in Éirinn.
- Córas Tacaíochta Clár Foghlaiméoirí trí chuid chun tacú le, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhaoine aonair a ghlacann páirt in BOO.
- Samhail nua phleanála agus chistithechun gnéithe straitéiseacha agus oibríochtúla araon a chuimsiú.
- 19 n-iarshaoráid oiliúna de chuid FÁS, 863 comhalta foirne agus thart ar 15,000 foghlaiméoir a aistriú chuig na Boird Oideachais agus Oiliúna gan cur isteach ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna.
- Ról ceannais á ghlacadh ag SOLAS chun tacú le agus comhordú a dhéanamh ar fhairsingiú an chórais phrintíseachta in Éirinn.

Lean plean mionsonraithe um chur i bhfeidhm, ina bhfuil breis agus 300 garsprioc a bheartaítear, foilsíú an chéad phlean chorparáidigh. Baineadh formhórna spriocanna seo amach nó tugadh chun críche iad nó tá dul chun cinn á dhéanamh acu nó tabharfar anonn iad isteach sa phlean seo.

Cuireadh feabhsúcháin shuntasacha i soláthar, pleanáil agus riarachán BOO i bhfeidhm go dtí seo agus leanfar lena dtabhairt isteach. Mar shampla, foilsítear Pleananna comhtháite Seirbhíse BOO anois gach bliain, agus forbraíodh cúrsaí nua oiliúna gairme.

Ina theannta sin, foilsítear taighde ar riachtanais scileanna an gheilleagair gach bliain; agus foilseofar measúnú neamhspleách ar an gClár Náisiúnta Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, a choimisiúnaigh SOLAS, go gairid, anuas ar fhreagairt SOLAS do thorthaí an mheasúnaithe.

Tá an Straitéis BOO á cur i bhfeidhm go leanúnach i dtaca le Lítearthacht agus Uimhearthacht. Leanann SOLAS le leibhéal chistithesa limistéar seo a choimeád.

Bunaíodh acmhainn nua chumarsáide SOLAS chun feasacht agus tuiscint ar ról na heagraíochta san earnáil BOO a mhúscailt agus chun tacú le cuspóir SOLAS chun feabhas a chur ar BOO.

Sainithníodh sé sprioc lena chinntiú gur thug SOLAS faoin gcéad phlean corparáideach.

### **Sprioc 1: Soláthar scileanna a chumasú don gheilleagar.**

Athbhreithníodh formhór na printíseachtaí reatha atá bunaithe ar cheardaíocht agus cuireadh dhá phrintíseacht nua ghairme i bhfeidhm. Tá tograí nua printíseachta á bhforbairt agus forbraíodh cúrsaí nua oiliúna gairme, ar nós Fáilteachais ar leibhéal 4 agus 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Cruthaíodh Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir i gcaitheamhna tréimhse trí bliana, lenár áiríodh Bunachar Sonraí Náisiúnta Cúrsaí le haghaidh BOO, Féilire Chúrsaí Náisiúnta do chúrsaí BOO agus Bunachar Sonraí Náisiúnta Foghlaimoirí.

Déantar Pleananna comhtháite Seirbhíse BOO a fhorbairt anois agus a fhoilsiú gach bliain.

### **Sprioc 2: Tacú le cuimsiú gníomhach.**

Tugadh faoi thaighde ar Bhacainní atá i leith BOO.

Cuireadh an Straitéis BOO i bhfeidhm go leanúnach i dtaca le Litearthacht agus Uimhearthacht agus cuireadh cistiú marthanach le haghaidh Litearthachta agus Uimhearthachta agus oideachas pobail i bhfeidhm.

Rinneadh bainistiú rathúil ar Momentum 1 agus 2 thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Rinneadh bainistiú rathúil ar an gCiste Domhandaithe Eorpach thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

### **Sprioc 3: Foghlaimoirí agus fostóirí a chumasú.**

An tsraith nua PLSS a úsáid, seoladh mol cúrsaí fetchcourses.ie chun faisnéis a sholáthar d'fhoghlaimoirí, fostóirí agus do sheirbhísí gairmthreorach.

Forbraíodh dréachtchreat le haghaidh straitéis chomhtháite treorach BOO.

Bunaíodh Fóram Náisiúnta Foghlaimoirí Fásta chun aiseolas a sholáthar ar éifeachtacht soláthair BOO.

Forbraíodh Straitéis Forbartha Fostaithe.

### **Sprioc 4: Tionchar a imirt ar bheartas agus cleachtas BOO trí fhaisnéis agus nuálaíocht agus fiontraíocht tacaíochta a ghiniúint.**



Foilsítear agus scaiptear taighde gach bliain ar riachtanais scileanna faoi láthair agus iad siúd atá ag teacht chun cinn atá ag an ngeilleagar trí úsáid a bhaint as taighde ar scileanna SOLAS agus as saineolas faoi fhaisnéis faoin margadh saothair, Bullaitíní Náisiúnta Scileanna, Tuarascáil Bhliantúil um Aschuir Oideachais agus Oiliúna, Próifílí Réigiúnacha Scileanna, Tuarascálacha ar Fholúntais a fhoilsítear ar bhonn bliantúil.

Tugadh faoi mheasúnú ar an gClár Náisiúnta Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus foilseofar an tuarascáil, freagairt SOLAS ina theannta sin, i Ráithe 3 2017.

Cuireadh tús le réamhobair ar mheasúnuithe príomhlínte eile de sholáthar BOO, ar nós Ógtheagmhála.

Tugadh tuarascáil ar oideachas agus oiliúint fiontraíochta in BOO chun críche i Ráithe 4 2016. Sonraítear sa tuarascáil cineál agus méid sholáthar an oideachais agus na hoiliúna fiontraíochta (OOF) san earnáil BOO. Bunaithe ar thorthaí na tuarascála, foilseofar moltaí SOLAS ar fhorbairtí agus feabhsúcháin ar sholáthar OOF san earnáil i Ráithe 2 2017.

Tugadh staidéar ar chumas BOO chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar a bhaineann le fuinneamh 'glas' chun críche.

### **Sprioc 5: Cumas agus freagrúlachtna hearnála tógála**

Bainistíocht rathúil a dhéanamh ar thrasdul agus aistriú iar-ionaid oiliúna FÁS chuig na BOOanna gan cur isteach ar sheirbhísí nó ar cháilíocht na seirbhíse.

Tugadh Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil do lucht saothair an BOO chun críche.

Forbraíodh straitéis nua chun tacú le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta.

### **Sprioc 6: Cur le cumas agus éifeachtacht eagraíochtúil SOLAS**

Forbraíodh plan ionad oibre SOLAS agus cuireadh tús le cur i bhfeidhm commenced.

Bunaíodh acmhainn nua chumarsáide SOLAS, chun feacht agus tuiscint ar ról SOLAS laistigh den earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna a mhúscailt agus chun tacú le cuspóir SOLAS chun feabhas a chur ar sheasamh Breisoideachais agus Oiliúna.

Suiteáladh struchtúr nua eagraíochta lena chinntiú go ndearnadh an dá thacaíocht oibríochtúil do BOOanna agus don RCS a choimeád agus gur cuireadh ról planála straitéisí SOLAS chun cinn.

## **Maoirsiú agus bainistiú ar Phlean Corparáideach 2017-2019**

Cuirfidh Feidhmeannacht SOLAS spriocanna agus gníomhartha i dtoll a chéile do gach ceann de thrí bliana an phlean chorparáidigh.

Déanfar na gníomhartha seo a choigeartú nuair is gá, le comhsheasmhacht leis na beartais ábhartha rialtais a chinntiú, agus cuimseofar aon leasuithe riachtanacha isteach sna pleananna bliantúla gnó aonaid.

Rachaidh an Fheidhmeannacht i gcomhairle le Coiste um Pleanáil Straitéis Boird SOLAS fad atá na pleananna bliantúla gnó á n-ullmhú. Cuirfidh an coiste seo comhairle ar an mBord i dtaobh an phlean foriomlán agus na buiséid a fhaomhadh do gach bliain.

Faomhfaidh an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin obair roinne agus aonaid.


Tabharfar faoi mheasúnú riosca agus phróisis bhainistíochta gach bliain i gcaitheamh na dt trí bliana faoi stiúir Bhord agus Choiste um Athbhreithniú Bainistíochta Riosca SOLAS.

I gcomhthráth le gach ceann de na bearta seo, oibreoidh SOLAS leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta bliantúla a ullmhú agus a chomhaontú, a chinnteoidh comhsheasmhacht idir clár oibre SOLAS agus beartas rialtais.

Cuirfear teimpléad nua cuimsitheach tuairiscithe i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as ardán 'SharePoint' lena éascú tuairiscí míosúla ar dhul chun cinn agus tuairiscí ráithiúla a dhéanamh leis an mBord. Tacóidh sé leis an idirchaidreamh leanúnach, chomh maith, atá á dhéanamh le hoifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna. Áireofar leis an teimpléad nua anailís agus gníomhartha riosca.

Soláthróidh an Cathaoirleach, thar ceann an Bhoird, tuarascáil bhliantúil don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le dul chun cinn le Plean Corparáideach 2017-2019 agus a spriocanna earnála agus eile.

Déantar cur síos i Léaráid 2 thíos ar an gcur chuige seo, a dtugtar cuntas air thuas:



**STIÚRTHÓIRÍ (Cinn Feidhmeanna)**  
**Bainisteoirí agus Foireann Eile**

Ról	Freagracht
Bord	Soláthraítear maoirseacht agus treoir straitéiseach don Fheidhmeannacht. Cuirtear comhairle ar an Aire faoin Straitéis BOO. Faomhtar an Plean Corparáideach. Faomhtar pleananna gnó bliantúla. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn. Soláthraíonn an Cathaoirleach

	tuarascáil bhliantúil don Aire thar ceann an Bhoird.
An Coiste Pleanála Straitéise	Déantar athbhreithniú ar straitéis agus pleananna leis an bhFeidhmeannacht. Tugtar treoir don Fheidhmeannacht. Cuirtear comhairle ar an mBord.
POF	Comhalta den Bhord. Stiúrtar an Fhoireann Feidhmiúcháin. Stiúrtar an t-idirghníomhú leis an mBord agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS). Déantar comhaontú ar Chomhaontuithe bliantúla Soláthair Feidhmíochta leis an ROS.
Stiúrthóirí Feidhmiúcháin	Pleanáil, cur i bhfeidhm, maoirseacht agus tuairisciú gnó i limistéir freagrachta. Déantar urraíocht ar thograí agus tuairisciú don Bhord. Stiúrtar foireann an stiúrthóra.
Stiúrthóirí	Pleanáil, cur i bhfeidhm, maoirseacht agus tuairisciú gnó i limistéir freagrachta. Stiúrtar a n-aonaid agus a bhfoirne gnó.
Bainisteoirí agus Foireann Eile	Freagrachtaí sainithe sonracha i gcomhréir lena ról

## Acmhainní

Tá SOLAS tiomanta dá struchtúr eagraíochta a athbheochan le hailíniú le spriocanna agus cuspóirí Phlean Corparáideach 2017-2019 a chinntiú. Cruthaíonn díriú méadaithe ar thaighde agus anailísíocht sonraí, acmhainn chuimsithe ghníomhaigh, printíseacht, cúrsaí oiliúna agus nuálaíocht cuid dár n-uaimhian feabhsúcháin.

Bainfidh SOLAS leas as a phríomhacmhainní - ár ndaoine, an buiséad bliantúil, córais inmheánacha agus á mbanc taighde agus sonraí atá ag dul i méid, chun athrú a bhaint amach.

Soláthróidh an eagraíocht tacaíocht, chomh maith, do réimse bearta beartas BOO, ar nós forbairt ghairmiúil agus fostaithe.

Déanfar neartú nafoirniúlachta agus comhoibriú inmheánach a threisiú trí phlean forbartha an lucht saothair.

Treiseofar, ina theannta sin, príomhchaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, Bord na hÉireann um Oiliúint san Oideachas agus a BOOanna comhalta agus comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile BOO.

Ullmhóidh SOLAS pleananna acmhainne le BOOanna agus soláthraithe eile chunan plean seo a chur i bhfeidhm.